Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**13880/15**

**JAI 842**
**ASIM 143**
**FRONT 240**
**RELEX 902**
**COMIX 563**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13799/15 JAI 831 ASIM 140 FRONT 239 RELEX 893 COMIX 552 |
| Ábhar: | Bearta chun déileáil le géarchéim na dteifeach agus na himirce<br>- Conclúidí ón gComhairle (9 Samhain 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta chun dul i ngleic le géarchéim na dteifeach agus na himirce, a ghlac an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3422ú cruinniú a bhí aici an 9 Samhain 2015.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
## BEARTA CHUN DÉILEÁIL LE GÉARCHÉIM NA nDÍDEANAITHE AGUS NA hIMIRCE

Tháinig an Chomhairle, i gcomhar leis an gCoimisiún, agus í ag cuimhneamh ar an ngá atá le feidhmiú limistéar Schengen a chosaint agus le laghdú brú imirceach, ar chomhaontú maidir leis na bearta seo a leanas, chun na treoirlínte a comhaontaíodh cheana ag an gComhairle Eorpach agus ag an gComhairle a chur chun feidhme ina n-iomláine i gcomhréir le *acquis* an Aontais. Chinn sí an méid a leanas:

1. na Ballstáit agus tríú tíortha ábhartha a spreagadh chun níos mó a dhéanamh le go mbeidís in ann glacadh le níos mó daoine, agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, gur chuir an Coimisiún tacaíocht bhreise airgeadais i leataobh ar an bpointe ar mhaithe leis na tíortha sin atá buailte agus ar mhaithe le UNHCR;

2. go gcuirfear dlús le práinnláithreacha próiseála a bhunú san Iodáil agus sa Ghréig, le tacaíocht ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, ó FRONTEX agus ó EASO, ionas go mbeidh siad ar fad ag feidhmiú faoi dheireadh mhí na Samhna 2015 mar a comhaontaíodh roimhe sin;

3. go gcuirfidh na Ballstáit uile is rannpháirtí dlús leis an bpróiseas athlonnaíochta, go háirithe trína chur in iúl an mó duine a mbeidh ar a gcumas glacadh leo ón gcéad bhabhta athlonnaíochta agus trí oifigigh idirchaidrimh athlonnaíochta a ainmniú mar theagmhálaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig, faoin 16 Samhain 2015. Ag am céanna, cuirfidh an Iodáil agus an Ghréig dlús faoi leith leis na céimeanna ullmhúcháin is gá don athlonnú. Tacaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún leis an Iodáil agus leis an nGréig i dtaobh na gcinntí a rinne siad chun imircigh a chlárú sula bpléifí a gcás ar an mórthír, go háirithe trí bhíthin meaisíní Eurodac a chuirfidh na Ballstáit ar fáil. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun na bearnaí atá fós ann i dtaca le rannchuidiú breise ó Frontex agus ó EASO a líonadh faoin 16 Samhain 2015, lena simpleofar na próifílí is gá mar aon leis na nósanna imeachta ceapacháin;

4. na Ballstáit sin, a bhfuil lántacaíocht acu ón gCoimisiún agus ó Frontex, déanfaidh siad an ráta cur ar ais a fheabhsú go mór. Ba cheart do na Ballstáit saineolaithe ar chur ar ais a chur ar fáil don bhuíon Oifigeach Idirchaidrimh Eorpach um Chur ar Ais le go bhféadfar iad a chur i mbun oibre go pras;

5. d'fhonn gabháil lastuas d'easpa comhair na n-imirceach, dá dtarlódh a leithéid, ar theacht isteach chuig an Aontas Eorpach dóibh, go mbainfidh na Ballstáit leas as na deiseanna uile a chuirtear ar fáil trí *acquis* an Aontais, amhail (1) nósanna imeachta tearmainn ag na teorainneacha nó i limistéir idirthurais; (2) nósanna imeachta brostaithe; (3) neamh-inghlacthacht iarratas ar thearmann a dhéanfadh na daoine céanna ina dhiaidh sin; (4) bearta comhéigneacha lena n-áirítear, mar rogha dheiridh, daoine a chur faoi choinneáil don uastréimhse is gá chun na bun-nósanna imeachta a thabhairt chun críche; agus ag an am céanna go mbeadh na cearta bunúsacha agus prionsabal an *non-refoulement* á n-urramú go hiomlán acu. De bhreis ar na treoirlínte atá ann cheana faoi thógáil méarlorg ar bhonn córasach, iarrtar ar an gCoimisiún, i gcomhar le EASO agus le Frontex, treoir bhreise phraiticiúil a eisiúint maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann leis na hoibleagáidí clárúcháin i bhfianaise rialacha Bhaile Átha Cliath agus i bhfianaise na gcinntí agus na n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le hathligean isteach.

Fairis sin, aontaíonn an Chomhairle go bhféachfaidh sí ar an gcoincheap maidir le lárionaid phróiseála i dtíortha nár cuireadh an cur chuige maidir le práinnláithreacha i bhfeidhm iontu, lena dtacóidh an Coimisiún agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, d’fhonn rochtain ar chosaint idirnáisiúnta a eagrú agus/nó náisiúnaigh a chur ar ais;

6. go dtacóidh sí go hiomlán leis an gCoimisiún pleanáil theagmhasach a dhéanamh i ndáil le cúnamh daonnúil do na Balcáin Thiar ó tá an geimhreadh ag teannadh linn anois. Ba cheart leas a bhaint, a mhéid is féidir, as sásra an Aontais maidir le cosaint shibhialta. Taobhaíonn an Chomhairle leis na Ballstáit tuilleadh cúnaimh a sholáthar tríd an sásra sin;

7. maidir le rialuithe faoi theacht isteach agus dul amach ag na teorainneacha seachtracha, d'fhonn cuidiú leis na Ballstáit ábhartha a n-oibleagáid dhlíthiúil a urramú maidir le rialuithe leordhóthanacha a fheidhmiú, d'fhonn rialuithe ar na teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus a athghabháil agus an comhordú maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú teorann a mhéadú. Chuige sin beidh gá le raon beart tacaíochta ó Frontex lena bhféadfar Foirne Mear-Idirghabhála Teorann (RABIT) a chur i mbun feidhme de réir a chéile agus de réir mar is gá i gcomhréir le rialacha an Aontais;

8. chun tacú le feabhas a chur ar an Oibríocht Chomhpháirteach Mara "*Poseidon*" sa Ghréig [faoin 1 Nollaig 2015] faoi chuimsiú an phlean oibríochtúil atá ann faoi láthair;

9. díospóireacht chríochnúil a dhéanamh ag an gcruinniú den Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile i mí na Nollag, arna bunú ar an 8ú tuairisciú débhliantúil ón gCoimisiún maidir le feidhmiú limistéar Schengen (1 Bealtaine 2015-31 Deireadh Fómhair 2015) agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh de bharr rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha a thabhairt ar ais ar bhonn sealadach;

10. a iarraidh ar Europol dlús a chur le bunú an Lárionaid Eorpaigh maidir le Smuigleáil Imirceach (EMSC) chun gur fearr a bheifear in inmhe tacú le Ballstáit smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac ar shlí níos éifeachtúla. Cuimseofar le EMSC an tionscnamh 'Foireann Chomhpháirteach Oibríochtúil Mare' agus déanfar gníomhaíochtaí Europol a fhairsingiú tuilleadh leis, lena ndíreofar go háirithe ar na Balcáin Thiar, i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí ábhartha uile an Aontais agus go háirithe le Frontex agus Eurojust. Mar chomhpháirt den chur chuige sin ba cheart go bhféadfaí oifigigh a imscaradh go pras agus go héifeachtach go dtí na brúphointí feadh na mbealaí imirce is tábhachtaí;

11. a iarraidh ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, líonra de phointí oibríochtúla teagmhála aonair i ndáil le smuigleáil imirceach a bhunú faoin1 Nollaig 2015, de réir mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Aontais i gcoinne Smuigleáil Imirceach 2015-2020, agus dlús á chur lena gcuid iarrachtaí san am céanna chun imscrúdú agus ionchúiseamh smuigléirí imirceach agus gáinneálaithe ar imircigh a threisiú;

12. leanúint de scrúdú a dhéanamh ar na tograí reachtacha atá ar feitheamh maidir le sásra athlonnaíochta éigeandála agus maidir le tíortha tionscnaimh atá sábháilte de réir na mbeart a rinneadh cheana, agus maidir le gníomhaíochtaí tosaíochta eile freisin amhail maidir le hoiriúnú chóras Bhaile Átha Cliath agus córas comhtháite bainistithe do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile;

13. a iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí torthaí praiticiúla maidir le cur ar ais agus athligean isteach a réadú ina gcuid idirphlé déthaobhach, go háirithe le linn na gcruinnithe ardleibhéil a bheidh ann leis an Afganastáin, Maracó, an Nigéir, an Phacastáin, an Túinéis agus an Tuirc. Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici an 3-4 Nollaig, tá súil ag an gComhairle go mbeidh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an idirphlé sin aici. Beidh deis ansin tuairimí a phlé maidir leis na pacáistí iomchuí dreasachta a bheidh le húsáid i leith tríú tíortha;

14. gur cheart na chéad Oifigigh Eorpacha Idirchaidrimh Imirce (EMLO) a imscaradh mar ábhar tosaíochta, chuig an Aetóip, chuig an Nigéir, an Phacastáin agus an tSeirbia faoi dheireadh mhí Eanáir 2016;

15. béim a leagan arís ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí athlonnaithe an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na ndídeanaithe, agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais, á thabhairt ar aird. Aontaíonn an Chomhairle gur cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar dheiseanna athlonnaithe agus béim á leagan ar thríú tíortha áirithe a dtugtar tús áite dóibh. Iarann sí ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre maidir le hathlonnú mar ábhar tosaíochta;

16. d'fhonn bearta nithiúla a áirithiú maidir le rialú teorann, le cosc a chur ar an imirce neamhrialta agus leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála agus na smuigleála ar imircigh, tacú le dlús a chur leis an treochlár leis an Tuirc maidir le léirscaoileadh víosaí i leith na mBallstát rannpháirteach uile a chomhlíonadh agus tacú freisin leis an gcomhaontú um athghlacadh isteach a chur chun feidhme go hiomlán, i gcomhthéacs an chomhair fheabhsaithe dá bhforáiltear sa phlean gníomhaíochta;

17. straitéis chomhchoiteann faisnéise a shainiú, mar ábhar práinne, a dhíreofar ar iarrthóirí tearmainn, ar imircigh, ar smuigléirí agus ar gháinneálaithe, arb é is aidhm di (1) imircigh a dhíspreagadh ó thabhairt faoi thurais chontúirteacha agus ó dhul i muinín smuigléirí, (2) míniú a thabhairt ar fheidhmiú rialacha an Aontais maidir leis an mbainistiú a dhéantar ar na teorainneacha seachtracha agus leis an gcosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear athlonnú, athshuíomh agus cur ar ais, (3) frith-léiriú ar an insint a bhíonn ag gáinneálaithe agus ag smuigléirí ar imircigh a scaipeadh, (4) eolas a chur amach maidir leis an ionchúiseamh coiriúil a dhéantar i gcoinne gháinneálaithe agus i gcoinne smuigléirí, agus (5) eolas a chur amach maidir le hoibríochtaí cur ar ais. Mar chuid de straitéis faisnéise lena ndírítear ar na gnéithe sin a bhfuil tarraingt mhór orthu a laghdú, ba cheart é a mhíniú go soiléir go gcaithfidh imircigh clárú i mBallstát an chéad teacht isteach; nach bhfuil aon cheart ag iarrthóirí tearmainn, faoi dhlí an Aontais, rogha a dhéanamh maidir leis an mBallstát a bheidh freagrach as a n-iarratas a scrúdú; agus go gcuirfear ar ais go pras na himircigh sin nach bhfuil cosaint de dhíth orthu. Ina theannta sin, ba cheart teachtaireacht shoiléir a chur ar aghaidh nach bhféadfaidh imircigh diúltú comhoibriú leis na húdaráis náisiúnta ábhartha. As seo amach, déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun na gluaiseachtaí sin agus an neamh chomhlíonadh sin a chosc agus a dhíspreagadh, agus chun iarmhairtí na ngluaiseachtaí sin agus an neamh-chomhlíonta sin a leagan amach. Déanfaidh an Coimisiún foireann tiomnaithe ó ghníomhaithe ábhartha uile na n-institiúidí a chur le chéile sna laethanta atá romhainn d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach agus tabharfaidh sé eolas freisin maidir le cur chun feidhme ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle an 3-4 Nollaig 2015;

18. tacú leis an gcinneadh ón Uachtaránacht gníomhachtú na Freagartha Comhtháite do Ghéarchéim Pholaitiúil (IPCR) a uasghrádú ón mód do chomhroinnt faisnéise go dtí mód an ghníomhachtaithe iomláin, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chur ar fáil don phróiseas Comhtháite um Fheasacht agus Anailís ar an Suíomh (ISAA), trí bhearnaí oibríochtúla a shainaithint agus trí thacú le gníomhaíochtaí cumarsáide, lena bhfeabhsófar comhordú polaitiúil agus nós imeachta na cinnteoireachta ar leibhéal an Aontais. Sa chomhthéacs sin, bunaithe ar na riachtanais agus ar na bearnaí a sainaithníodh i dtuarascálacha ISAA, déanfar cruinnithe comhchéime maidir le bainistiú ghéarchéim na ndídeanaithe a thionól ar bhonn rialta, ina dtabharfar le chéile saoineolas iomchuí chun beartais a chomhordú agus chun freagairt ar bhealach tráthúil ar leibhéal an Aontais, go háirithe maidir le bearta idirnasctha a chur chun feidhme maidir le teorainneacha, leis an gcumas glactha, le práinnláithreacha próiseála agus le cur ar ais, maidir le gealltanais acmhainní airgeadais agus le gealltanais acmhainní daonna, agus freisin maidir le tosaíochtaí oibríochtúla agus lóistíochta.